Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Aibreán 2020
(OR. en)

7332/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0025(NLE)**

UD 61

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste um Chomhar Custaim a bhunaítear leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim a mhéid a bhaineann le glacadh rialacha nós imeachta inmheánacha an Chomhchoiste um Chomhar Custaim<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh an ghlactha |

1. An 14 Feabhra 2020, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi bhráid na Comhairle.

2. Rinne an Mheitheal um Aontas Custaim scrúdú ar an togra agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis an téacs an 13 Márta 2020.

3. Ina fhianaise sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:
   - an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhaingniú agus
   - a chinneadh - i bhfianaise na staide eisceachtúla atá ann faoi láthair - agus i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus d'Airteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn le go nglacfar an Cinneadh a leagtar amach in 6882/20 agus 6932/20 (téacsanna athbhreithnithe ag na dlítheangeolaithe).